Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11692/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0273(NLE)**

**ENER 440**
**ATO 44**
**POLCOM 162**
**FDI 26**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 447 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 447 final.

Faoi iamh: COM(2023) 447 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2023
COM(2023) 447 final

2023/0273 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh an tAontas a tharraingt siar ón gConradh um Chairt Fuinnimh, i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chonradh sin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Conradh um Chairt Fuinnimh

Is comhaontú iltaobhach trádála agus infheistíochta é an Conradh um Chairt Fuinnimh (ECT) a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil fuinnimh a síníodh in 1994 agus a tháinig i bhfeidhm in 1998. Tá forálacha in ECT maidir le cosaint infheistíochta, trádáil agus iompar in ábhair agus i dtáirgí fuinnimh, agus sásraí um réiteach díospóidí. Le ECT, cuirtear creat ar bun freisin maidir le comhar idirnáisiúnta i réimse an fhuinnimh idir na 54 Pháirtí Chonarthacha ann. Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach in ECT[1], in éineacht le Euratom, 26 Bhallstát de chuid an Aontais (ó 8 Bealtaine 2023 i leith)[2], chomh maith leis an tSeapáin, an Eilvéis, an Tuirc agus formhór na dtíortha ó na Balcáin Thiar agus an APSS roimhe seo, cé is moite den Rúis[3] agus den Bhealarúis[4].

### 2.2. Nuachóiriú ECT: toradh an phróisis agus an staid mar atá

In éagmais aon nuashonrú suntasach ar ECT ó na 1990idí, chuaigh ECT as dáta de réir a chéile. Thairis sin, le himeacht ama bhí sé ar cheann de na conarthaí infheistíochta ba mhinice ar domhan a bhí ina ábhar dlíthíochta, agus ba ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a díríodh éilimh infheisteoirí, a bhfuil a bhformhór bunaithe i dtíortha eile san Aontas. Mar thoradh air sin, cuireadh tús le próiseas nuachóirithe i mí na Samhna 2018. Ar dtús, d'fhormheas an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh liosta ábhar le plé, a bhaineann go príomha le forálacha maidir le cosaint infheistíochta. Mhol an tAontas ansin deireadh a chur le cosaintí d'infheistíochtaí i mbreoslaí iontaise, chun ECT a thabhairt i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

Tar éis 15 bhabhta caibidlíochta iltaobhacha a tionóladh idir mí Iúil 2019 agus mí an Mheithimh 2022, thángthas ar 'comhaontú i bprionsabal' chun clabhsúr a chur ar chaibidlíocht ag an gComhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 sa Bhruiséil.

Measann an Coimisiún go bhfuil an toradh a caibidlíodh i gcomhréir leis an sainordú a fuarthas ón gComhairle.

Rinneadh athbhreithniú dlíthiúil agus dréachtchinntí críochnaitheacha i dtéacs athbhreithnithe ECT agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis ina raibh na téacsanna athbhreithnithe agus na rialacha mionsonraithe maidir lena dteacht i bhfeidhm (dá ngairtear le chéile 'an pacáiste nuachóirithe' ) an 19 Lúnasa 2022 leis na Páirtithe Conarthacha uile — lena n-áirítear an

---

[1] Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom an 23 Meán Fómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lgh. 1-116).

[2] Gach Ballstát seachas an Iodáil a tharraing siar go haontaobhach in 2015. Chuir an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Pholainn tús freisin le nós imeachta um tharraingt siar i mí na Nollag 2022, as a dtiocfaidh a scoir éifeachtach ón gConradh um Chairt Fuinnimh faoi mhí na Nollag 2023.

[3] Tharraing an Chomhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 siar stádas breathnóra Chónaidhm na Rúise.

[4] Tharraing an Chomhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 siar stádas breathnóra na Bealarúise agus cur i bhfeidhm sealadach ECT ag an mBealarúis.

tAontas Eorpach, Euratom, agus le Ballstáit uile an Aontais atá ina bPáirtithe Conarthacha in ECT.

Ba é an rún a bhí leis ag an am an 'pacáiste um nuachóiriú' a liostú lena ghlacadh ag an 33ú cruinniú de Chomhdháil na Cairte Fuinnimh an 22 Samhain 2022. Chuige sin, thíolaic an Coimisiún tograí le haghaidh dhá chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE agus faoi Airteagal 101 de Chonradh Euratom faoi seach d'fhonn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus thar ceann Euratom ag an 33ú cruinniú de Chomhdháil na Cairte Fuinnimh a leagan síos. Ag an am céanna, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht ar leagadh béim inti ar an ngá atá ann deireadh a chur leis an riosca coinbhleachta idir na Conarthaí agus ECT mar a léirmhíníodh le roinnt binsí eadrána, a chinn go bhfuil feidhm ag ECT maidir le díospóidí laistigh den Aontas. Dhéanfaí coinbhleacht dhlíthiúil *de facto* as an léirmhíniú sin, dá ndaingneodh cúirteanna tríú tír é, toisc go mbeadh dámhachtainí eadrána a sháraíonn dlí an Aontais Eorpaigh i gcúrsaíocht i ndlíchórais tríú tíortha. Mhol na tograí a cuireadh os comhair na Comhairle go dtacódh an tAontas agus Euratom le glacadh an 'phacáiste um nuachóiriú' ag an 33ú cruinniú de Chomhdháil na Cairte Fuinnimh. Níor ghlac an Chomhairle na tograí sin, áfach, toisc gur staon mionlach blocála de cheithre Bhallstát (an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn agus an Ísiltír) ag cruinniú COREPER an 18 Samhain 2022. Mar thoradh air sin, baineadh an 'pacáiste um nuachóiriú' de chlár oibre an 33ú cruinniú de Chomhdháil na Cairte Fuinnimh agus níor glacadh le nuachóiriú an Chonartha um Chairt Fuinnimh. Idir an dá linn, tá feidhm fós ag an gConradh seanaimseartha atá ann faoi láthair maidir leis an Aontas, Euratom, agus na Ballstáit uile atá ina bpáirtithe in ECT ina gcaidreamh le páirtithe conarthacha eile. Ina theannta sin, maidir le himeachtaí chun dámhachtainí a fháil agus a fhorfheidhmiú arna n-eisiúint ag binsí a airbheartaítear a bunaíodh de bhun Airteagal 26 ECT i ndíospóidí laistigh den Aontas, tá siad fós gan laghdú.

### 2.3. An staid reatha agus an bealach chun cinn atá molta

In éagmais cinntí ón Aontas agus ó Euratom, ní féidir leis an Aontas ná le Euratom páirt a ghlacadh i vóta maidir leis an bpacáiste um nuachóiriú a ghlacadh ag cruinniú den Chomhdháil um Chairt Fuinnimh. De ghnáth, agus iad ag vótáil ag Comhdháil ECT, tá líon vótaí ag an Aontas atá cothrom le líon na mBallstát atá ina bPáirtithe Conarthacha don ECT. Gan rannpháirtíocht an Aontais agus Euratom sa vóta sin, ní bhaintear amach an córam vótála sa Chomhdháil, agus ní féidir an pacáiste um nuachóiriú a ghlacadh.

Níl aon tromlach cáilithe sa Chomhairle le haghaidh cinneadh ón Aontas nó Euratom lena gceadaítear don Aontas agus do Euratom páirt a ghlacadh sa vótáil ag cruinniú den Chomhdháil um Chairt Fuinnimh maidir le tacú leis an bpacáiste um nuachóiriú a ghlacadh.

Ina theannta sin, d'ainneoin na saincheiste maidir le glacadh an phacáiste um nuachóiriú ag Comhdháil na Cairte Fuinnimh, bheadh gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun Conradh nuachóirithe a theacht i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go sealadach, agus shonraigh sí go soiléir nach dtacaíonn sí leis an athchóiriú ar an gConradh agus iarrann sí ar an Aontas agus ar na Ballstáit tarraingt siar chomhordaithe ó ECT a eagrú[5].

**Dá bhrí sin, níl aon bhealach dlíthiúil agus/nó institiúideach ann chun ECT a nuachóiriú lena ghlacadh agus a mbeidh éifeachtaí aige, rud atá ina choinníoll le go bhfanfaidh an tAontas ina pháirtí sa Chonradh i gcónaí.**

Ní rogha ar bith é don Aontas ná dá chuid Ballstát a bheith ina Pháirtí Conarthach sa ECT seanaimseartha, toisc nach bhfuil an Conradh atá ann faoi láthair i gcomhréir le beartas agus dlí infheistíochta an Aontais agus le spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais.

5 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2022 maidir le nuachóiriú an Chonartha ar an gCairt Fuinnimh

Níl forálacha an Chonartha a mhéid a bhaineann le cosaint infheistíochta, lena n-áirítear sásra maidir le réiteach díospóidí idir infheisteoirí agus an Stát (ISDS) i gcomhréir le cur chuige an Aontais maidir le cosaint infheistíochta. Go háirithe, níl ECT seanaimseartha ag luí le prionsabal uathriail dhlí an Aontais, toisc nach n-áirítear ann roinnt de na coimircí arna sainaithint ag an gCúirt i dtuairim CETA ionas nach mbeadh 'an éifeacht ag na dámhachtainí eadrána maidir le cosc a chur ar institiúidí an Aontais oibriú i gcomhréir le creat bunreachtúil an Aontais Eorpaigh'[6].

Ina theannta sin, níl an chosaint a dheonaítear le haghaidh breoslaí iontaise, faoi na coinníollacha a thuairiscítear thuas agus ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama, ag teacht le cuspóirí an Aontais mar a shainítear iad sa Chomhaontú Glas don Eoraip, i bPlean REPowerEU, nó sa Dlí Aeráide — mar atá: dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise agus chuig fuinneamh in-athnuaite, chun neamhspleáchas fuinnimh níos fearr a bhaint amach, slándáil fuinnimh an Aontais a áirithiú, agus, go háirithe, an gealltanas astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

**Mar thoradh air sin, is é tarraingt siar an Aontais ó ECT an t-aon réiteach amháin atá ar fáil.**

## 3. BUNÚS DLÍ

### 3.1. Cineál agus comhthéacs an togra

Baineann an togra seo ón gCoimisiún leis an gcinneadh ón gComhairle lena ndéantar an tAontas a tharraingt siar ón gConradh um Chairt Fuinnimh de bhun Airteagal 47.1 den Chonradh sin.

Dá nglacfadh an Chomhairle cinneadh den sórt sin, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 218(6)(a)(v) de CFAE, d'fhágfadh sé go mbeadh an Choimisiúin in ann fógra i scríbhinn a thabhairt do Thaiscí an Chonartha um Chairt Fuinnimh (i.e. Poblacht na Portaingéile) maidir lena tharraingt siar as an gConradh de bhun Airteagal 47.1 de ECT.

De bhun Airteagal 47.2 de ECT, gabhfaidh éifeacht le tarraingt siar an Aontais ar dhul in éag bliain amháin tar éis an dáta a gheobhaidh an Taiscí an fógra, nó ar cibé dáta is déanaí ná sin a bheidh sonraithe san fhógra maidir leis an tarraingt siar.

De bhun Airteagal 47.3 de ECT, leanfaidh forálacha ECT d'fheidhm a bheith acu maidir le hinfheistíochtaí a rinneadh san Aontas ag infheisteoirí Páirtithe Conarthacha eile, nó sna Páirtithe Conarthacha eile ag infheisteoirí an Aontais, ar feadh tréimhse 20 bliain ón dáta a tharraingeoidh an tAontas siar ó ECT. Ní bheadh **aon tionchar** ag Airteagal 47.3 de CCE ar an gcaidreamh laistigh den Aontas, agus ní raibh feidhm riamh ag ECT maidir leis, níl feidhm aige faoi láthair maidir leis agus ní bheidh feidhm aige choíche leis, ná maidir le hAirteagal 47.3 ach oiread. Mar sin féin, mar a tugadh faoi deara sa Teachtaireacht dá dtagraítear thuas, tá riosca ann go mbeidh coinbhleacht dhlíthiúil ann nach mór deireadh a chur léi. Tá an Coimisiún den tuairim i gcónaí gurb é an fhreagairt iomchuí ionstraim a ghlacadh ar 'comhaontú é ina dhiaidh sin idir na páirtithe maidir le léirmhíniú an chonartha nó cur i bhfeidhm a fhorálacha' de réir bhrí Airteagal 31(3)(a) de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí (VCLT), i measc na mBallstát, an Aontais agus EURATOM. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de na caibidlíochtaí maidir le téacs comhaontaithe den sórt sin, ar téacs é, a luaithe a bheidh na caibidlíochtaí sin tugtha i gcrích, a bheadh ina ábhar do thogra chun an comhaontú ina dhiaidh sin a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais agus faoi réir togra maidir le EURATOM. Tá an códú ar léirmhíniú an Aontais agus a Bhallstát i gconradh

[6] Tuairim 1/17, paras. 152-161.

ar leith (rud is féidir a dhéanamh mar gheall ar chineál déthaobhach na n-oibleagáidí) níos práinní in éagmais nuachóiriú ECT a bheadh leabaithe sa téacs é féin agus trí chlásal 'ar mhaithe le cinnteacht níos mó', an tuiscint ó na Páirtithe Conarthacha uile nach bhfuil feidhm ag Airteagal 26 de laistigh den Aontas.

### 3.2. Bunús dlí nós imeachta

#### *3.2.1. Prionsabail*

Maidir le cinneadh ón Aontas chun deireadh a chur le comhaontú idirnáisiúnta agus tarraingt siar as, ní mór é a ghlacadh ar an mbunús dlí céanna, agus an nós imeachta céanna á leanúint, le cinneadh chun an comhaontú sin a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais. Dá bhrí sin, le foirceannadh an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus le tarraingt siar an Aontais as, ceanglaítear nach mór cinneadh ón gComhairle a ghlacadh bunaithe ar Airteagal 218(6)(a)(v) de CFAE.

De bhun Airteagal 218(6)(a)(v) de CFAE, '*Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích. Ach amháin nuair a bhainfidh an comhaontú go heisiach leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích: (a) tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa sna cásanna seo a leanas: [...] (v) comhaontuithe a fholaíonn réimsí a mbeidh feidhm ina leith ag an ngnáthnós imeachta reachtach nó, nuair is gá toiliú ó Pharlaimint na hEorpa, ag an nós imeachta reachtach speisialta.*'

#### *3.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Ní comhaontú é an Conradh um Chairt Fuinnimh a bhaineann go heisiach leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála. Ina ionad sin, is comhaontú é an Conradh um Chairt Fuinnimh lena gcumhdaítear ábhair a bhfuil feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach maidir leo. Dá bhrí sin, chun go dtabharfadh an tAontas an Conradh um Chairt Fuinnimh i gcrích, bheadh gá le cinneadh ón gComhairle tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 218(6)(a)(v) de CFAE.

Maidir le cinneadh ón Aontas chun an Conradh um Chairt Fuinnimh a fhoirceannadh agus tarraingt siar as, ní mór é a ghlacadh ar an mbunús dlí céanna, agus an nós imeachta céanna á leanúint, le cinneadh chun an comhaontú sin a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 3.3. Bunús dlí substainteach

#### *3.3.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(6)(a) de CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann

eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús substaintiúil dlí atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(6)(a) de CFAE.

*3.3.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Tá cuspóirí á saothrú ag an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna aige i réimse an fhuinnimh agus an chomhbheartais tráchtála. Tá na heilimintí sin den ghníomh atá beartaithe i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe: Airteagail 194(2) agus 207(4), an chéad fhomhír de CFAE.

### 3.4. Conclúid

Ba cheart Airteagal 194(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) de CFAE.

2023/0273 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 194(2) agus 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[7],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Conradh um Chairt Fuinnimh (‘Comhaontú’) i gcrích le Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom[8] agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Aibreán 1998.

(2) Toisc nach ndearnadh aon nuashonrú substaintiúil ar ECT ó bhí na 1990idí ann, chuaigh an Comhaontú as dáta de réir a chéile.

(3) In 2019, chuaigh na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú i mbun caibidlíochta arb é ab aidhm di an Comhaontú a nuachóiriú, chun é a chur i gcomhréir le prionsabail Chomhaontú Pháras[9], le ceanglais na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, chomh maith le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta.

(4) Thug na Páirtithe Conarthacha an chaibidlíocht i gcrích an 24 Meitheamh 2022. Bhí sé beartaithe an toradh caibidlithe a glacadh ag an 33ú cruinniú de Chomhdháil na Cairte Fuinnimh an 22 Samhain 2022.

(5) Roimh chruinniú na Comhdhála, ní raibh an tAontas in ann teacht ar chomhsheasamh maidir le nuachóiriú an Chomhaontaithe.

(6) In éagmais seasamh ón Aontas, ní féidir le Comhdháil na Cairte Fuinnimh an Chomhaontaithe nuachóirithe a ghlacadh. Tá feidhm fós ag an gComhaontú seanaimseartha atá ann faoi láthair maidir leis an Aontas, d’ainneoin nach bhfuil sé i gcomhréir le beartas agus dlí infheistíochta an Aontais, lena n-áirítear go háirithe prionsabal neamhspleáchais dhlí an Aontais, agus maidir le spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais

(7) Dá bhrí sin, agus gan aon rogha mhalartach ar fáil, is gá don Aontas tarraingt siar as an gComhaontú.

---

7 IO C …, …, lch. … / Toiliú ó … (gan bheith foilsithe san Iris Oifigiúil fós).

8 Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom an 23 Meán Fómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lch. 1).

9 IO L 282, 19.10.2016, Lch. 4.

(8) De bhun Airteagal 47(1) den Chomhaontú, is féidir le Páirtí Conarthach fógra i scríbhinn a thabhairt maidir lena tharraingt siar as an gComhaontú do Thaiscí an Chomhaontaithe, is é sin le rá Poblacht na Portaingéile [Féach *https://publications.europa.eu/code/en/ga-370100.htm]*. De bhun Airteagal 47(2) den Chomhaontú, an tarraingt siar sin, beidh éifeacht aici ar dhul in éag bliain amháin tar éis an dáta a bhfaighidh an Taiscí an fógra.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tarraingeoidh an tAontas siar ón gConradh um Chairt Fuinnimh.

*Airteagal 2*

Thar ceann an Aontais, tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 47(1) den Chonradh um Chairt Fuinnimh maidir le tarraingt siar an Aontais ón gConradh um Chairt Fuinnimh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*